# PEACEPLUS ASPIRE

PEACEPLUS ASPIRE

PEACEPLUS Northern Ireland - Ireland

Co-funded by the European Union | UK Government

NUACHTLITIR **AIBREÁN – MEITHEAMH 2026**

## FÉILE NA FOGHLAMA

Tháinig oideoirí le chéile i bhFóram na Mílaoise ar an 29 Aibreán 2026 fá choinne Fhéile na Foghlama PEACEPLUS ASPIRE, ócáid a rinne ceiliúradh ar chomhoibriú agus ar oideachas comhroinnte ar fud Thuaisceart Éireann agus chontaetha teorann na hÉireann.

Leag an ócáid béim ar thionchar na gcomhpháirtíochtaí trasphobail i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta. I measc na gcainteoirí, bhí an tOllamh Tony Gallagher, Cheryl Stafford agus Peter Day ag díriú ar luach agus ar thodhchaí an oideachais chomhroinnte. Chomh maith leis sin, thug seisiúin idirghníomhacha agus líonrú deis do rannpháirtithe taithí a roinnt, machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn agus féachaint ar an dóigh ar féidir leis na comhpháirtíochtaí seo leanúint de bheith ag fás.



## CUIR I LÁTHAIR AG FÉILE NA FOGHLAMA

Roinn comhpháirtíochtaí ó shuíomhanna réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile cuir i láthair le hoideoirí ag Féile na Foghlama PEACEPLUS ASPIRE.

Labhair na cainteoirí faoin dóigh ar sháraigh siad dúshláin agus leag siad béim ar na buntáistí a bhaineann le hobair chomhpháirtíochta do pháistí, do dhaoine óga, dá dteaghlaigh, d’oideoirí agus do phobail áitiúla.

Tá nasc thíos le hamharc ar thaispeántais na gcomhpháirtíochtaí ó Fhéile na Foghlama: https://ow.ly/5HjL50Z7TS5







## COMHPHÁIRTÍOCHT RÉAMHSCOILE

I mí na Bealtaine, tháinig na páistí ó Naíscoil Eoin Baiste agus Naíscoil Éadan Doire le chéile fá choinne seisiún a dhírigh ar ghníomhaíochtaí éiceolaíochta agus ar rannpháirtíocht an phobail.

Le chéile, chuir siad bláthanna a tugadh mar bhronntanas do thithe cúraim áitiúla, rud a chuidigh leis na páistí obair foirne agus comhoibriú a fhorbairt, agus tacaíocht á tabhairt acu dá mórphobal ag an am chéanna. Ina gcuideachta, bhí an tArdmhéara, Seanóir Stephen Moutray, agus Simon Quinn ó Portadown Wellness Garden Centre, a bhronn na bláthanna.



ea Education Authority | early years the organisation for young children | National Childhood Network | The Fermanagh Trust | léargas

# COMHPHÁIRTÍOCHT IAR-BHUNSCOILE

Tháinig daltaí ó Scoil Ghramadaí na Tríonóide, Leath Chathail, agus Meánscoil an Dúin le chéile le gairid fá choinne tréimhse chónaithe chomhroinnte i dTeach Lorne mar chuid de chlár PEACEPLUS ASPIRE.

Trí fhoghlaim faoin aer, gníomhaíochtaí tógála foirne agus plé ar an ionchuimsiú agus ar an éagsúlacht, chuidigh an clár le cairdeas a neartú, comhoibriú a spreagadh agus tuiscint níos fearr a chothú idir an dá phobal scoile.

Is cuid de thionscadal comhpháirtíochta níos leithne é an t-eispéireas seo fosta, lena n-áirítear múrphictiúr pobail a nochtfar i nDún Pádraig sna seachtainí atá amach romhainn.



## FEALSÚNACHT DO PHÁISTÍ

Ghlac daltaí Scoil Bhuachaillí na Croise Naofa páirt le gairid i seisiún beo Fealsúnachta i ndiaidh ceardlanna faoi stiúir an Phríomhoide Kevin McArevey ar scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt.

Agus an scéal The Playground Puzzle á úsáid acu, d'fhiosraigh Rang 7 téamaí amhail comhionannas, éagsúlacht, muintearas agus féin-ghlacadh, agus múinteoirí ar cuairt ag breathnú ar an phlé agus ag glacadh páirte ann.

Thug an seisiún léargas machnamhach ar an dóigh ar féidir le fiosrú fealsúnach cuidiú le daoine óga machnamh domhain a dhéanamh, éisteacht go measúil agus meas a bheith acu ar dhearcthaí daoine eile, agus deis luachmhar a thabhairt ag an am chéanna do na múinteoirí ar cuairt na scileanna sin a fheiceáil á bhforbairt i suíomh beo ranga.

Roinn na daltaí machnaimh smaointeacha fosta ar an chothroime agus ar an éagsúlacht, ag léiriú tuiscint aibí ar ionchuimsiú agus ar a thábhachtaí atá sé meas a léiriú ar dhaoine eile.




## COMHPHÁIRTÍOCHT BHUNSCOILE

Cuireann an chomhpháirtíocht idir Gaelscoil na gCeithre Máistrí agus Scoil Naomh Chaitríona éagsúlacht chultúrtha agus ionchuimsiú i gcroílár na hoibre. Trí thionscadail ar nós "Teach Me A Word", ina roinneann daltaí focail óna dteangacha dúchais, agus trí laethanta ceiliúrtha cultúrtha, tá na scoileanna ag cruthú pobail ina gcuirtear luach ar an éagsúlacht agus ina ndéantar ceiliúradh uirthi.

Le fíordheireanas, d'óstáil na scoileanna Lá Ceiliúrtha Idirchultúrtha i mBéal Átha Seanaidh, ag tabhairt teaghlach agus baill den phobal áitiúil le chéile le bia, traidisiúin, seodra agus eolas a roinnt ó thíortha lena n-áirítear an Ungáir, an Bhreatain Mhór, an India, an Liobáin, an Bhanglaidéis, an Pholainn, Éire agus an Úcráin. Thug daltaí, baill foirne agus tuismitheoirí cuairt ar gach seastán, agus iad ag foghlaim faoi na cultúir a bhfuil ionadaíocht orthu i bpobail a scoileanna. Leag an t-imeacht béim ar an dóigh ar féidir le ceiliúradh ar an éagsúlacht caidrimh a neartú agus muintearas níos láidre a chothú do chách.



# COMHPHÁIRTÍOCHT BHUNSCOILE



Rinne Scoil Náisiúnta an Chraoslaigh, scoil bheag de chuid Eaglais na hÉireann, agus Scoil Náisiúnta Glasáin, scoil lán-Ghaeilge, ceiliúradh le gairid ar dheireadh cláir chomhroinnte bliana le hócáid phobail.

Dhírigh an chomhpháirtíocht ar fholláine, ar ionchuimsiú agus ar naisc phobail níos láidre a thógáil tríd an fhoghlaim chomhroinnte.


Thug an ceiliúradh daltaí, tuismitheoirí, baill foirne agus ceannairí pobail le chéile, agus i measc bhuaicphointí na hócáide, bhí léirithe filíochta i nGaeilge, i mBéarla agus in Úcráinis, chomh maith le nochtadh mósáice a cruthaíodh le healaíontóir áitiúil.

Beidh an saothar ealaíne, a dhéanann ceiliúradh ar indibhidiúlacht agus ar éagsúlacht na ndaltaí agus a dteaghlach, ar taispeáint go buan san Ionad Lae áitiúil amach anseo, mar shiombail a mhairfidh de na caidrimh a tógadh tríd an chlár.

## COMHPHÁIRTÍOCHT RÉAMHSCOILE

Ghlac páistí, baill foirne agus tuismitheoirí ó Kid Kare Montessori agus Tiny Tots 2 Teens páirt le gairid in eispéireas foghlama comhroinnte ar Thrá Ros Neamhlach mar chuid de chlár PEACEPLUS ASPIRE.

Le tacaíocht ón Mheantóir Cáilíochta Aoife agus ó William leis an ghrúpa Cairde Ros Neamhlach, thug an seisiún an dá shuíomh, teaghlaigh agus an mórphobal le chéile fá choinne gníomhaíocht glanta trá, rud a thug deis do pháistí foghlaim faoi aire a thabhairt dá dtimpeallacht áitiúil agus iad ag taiscéaladh an chladaigh.



## AN PODCHRAOLADH PEACEPLUS ASPIRE TALKS

Ná déan dearmad éisteacht leis an tsraith podchraoltaí PEACEPLUS ASPIRE Talks: Shared Education. Is féidir leat éisteacht siar le gach eagrán roimhe seo.

Ar fáil ar Spotify, Apple Podcasts, Amazon Music agus ar leathanach gréasáin PEACEPLUS ASPIRE: https://ow.ly/7wMw50X4iR7

## OBAIR CHOMHOIBRÍOCH

Thug laethanta comhoibrithe a reáchtáladh i nDún Geanainn, i mBaile Átha Cliath agus i Muineachán Oifigigh Forbartha agus Meantóirí Cáilíochta PEACEPLUS ASPIRE le chéile le foghlaim a roinnt, cuir chuige a ailíniú agus comhsheasmhacht a neartú ar fud an tionscadail.

Faoi stiúir Early Years, Léargas agus NCN, neartaigh na seisiúin an comhoibriú agus chuir siad feabhas ar chumarsáid idir na comhpháirtithe.



Faigheann tionscadal ASPIRE tacaíocht ó PEACEPLUS, clár atá á bhainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB).

Le tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal, déan teagmháil le:

**An tÚdarás Oideachais**
PEACEPLUSASPIRE@eani.org.uk

**Luathbhlianta – an eagraíocht do leanaí óga**
PPAspire.preschool@early-years.org

**Léargas**
PEACEPLUSASPIRE@léargas.ie

**Líonra Náisiúnta na hÓige**
info@NCN.ie